An Roinn Fiontar,
Trádála agus Fostaíochta
Department of Enterprise,
Trade and Employment

# Eolas maidir leis an Deontas Power Up

**Cad é an Deontas Power Up?**

D'fhógair an Rialtas an deontas Power Up i mBuiséad 2025. Tá buiséad iomlán de €170 milliún aige chun íocaíocht deontais €4,000 a chur ar fáil do FBManna incháilithe sna hearnálacha fáilteachais, miondíola agus áilleachta.

Tá an Deontas Power Up, arna mhaoiniú ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, á riar ag údaráis áitiúla bunaithe ar na critéir incháilitheachta atá leagtha síos ag an Roinn. Tá Údaráis Áitiúla ag seoladh ríomhphoist chuig gnólachtaí a d'fhéadfadh a bheith incháilithe don deontas Power Up le sonraí maidir le conas clárú. Ná cuir an clárúchán ar an méar fhada. Tá an tairseach clárúcháin Power Up oscailte ar feadh tréimhse teoranta go dtí an 22 Samhain chun íocaíochtaí a fháil do ghnólachtaí roimh dheireadh na bliana.

**Cad é an Dáta Deiridh?**

Cuireadh síneadh leis an dáta deiridh go dtí an 22 Samhain. Ní féidir gnólachtaí incháilithe nach bhfuil an clárúchán críochnaithe acu faoin dáta seo a chur san áireamh don Deontas. Ba cheart do ghnólachtaí incháilithe clárú gan mhoill.

**Cé mhéad airgead atá ar fáil?**

Is ionann an deontas Power Up agus €4,000 le híoc ag na hÚdaráis Áitiúla roimh dheireadh na bliana le gnólachtaí incháilithe sna hearnálacha fáilteachais, miondíola agus áilleachta a fuair an dara híocaíocht faoin Scéim um Chostas Méadaithe Gnó .

**An bhfuil mo ghnólacht Incháilithe?**

Tá incháilitheacht Power Up ailínithe leis an scéim um Chostas Méadaithe Gnó (ICOB). Tá gnólacht san earnáil miondíola, fáilteachais nó áilleachta a fuair an dara híocaíocht faoin

scéim ICOB incháilithe le clárú don deontas Power Up. Murar chláraigh tú don deontas ICOB níl tú incháilithe le clárú don deontas Power Up.

Ní mór do ghnólachtaí incháilithe a fuair an dara híocaíocht faoi ICOB leanúint de na riachtanais incháilitheachta ICOB thíos a chomhlíonadh chun cáiliú le haghaidh Power Up:

- Caithfidh Bille Rátaí Tráchtála a bheith faighte ag do ghnólacht dar luach €30,000 nó níos lú in 2023.

- Ní mór do do ghnólacht a bheith ag feidhmiú faoi láthair ó réadmhaoin atá inrátaithe ar bhonn tráchtála.
- Ní mór do ghnólachtaí rátaí comhlíontacha do 2023 a chomhlíonadh de réir chritéir an ICOB. D'fhéadfaí gnólachtaí a bhfuil pleananna íocaíochta ceadaithe acu agus atá ag feidhmiú ó 2023 a mheas mar ghnólachtaí comhlíontacha. Déanfaidh an tÚdarás Áitiúil ábhartha an comhlíonadh a fhíorú.
- Ní mór do do ghnólacht a bheith comhlíontach ó thaobh cánach de agus Uimhir Chlárúcháin Chánach (TRN) bailí a bheith aige.

Agus iad ag clárú, ní mór do ghnólachtaí a dheimhniú ar an tairseach clárúcháin Power Up go bhfuil siad ag trádáil faoi láthair agus go bhfuil sé beartaithe acu leanúint ar aghaidh ag trádáil ar feadh trí mhí ar a laghad ón dáta a bhfíoraíonn siad a gcuid faisnéise (lena n-áirítear na gnólachtaí sin a dhúnann go séasúrach agus é beartaithe acu oscailt athuair in Earrach 2025). **Ní gá do ghnólachtaí dearbhú sonraí bainc a sheoladh seachas má tá athrú tagtha orthu óna bhfuair siad an dara híocaíocht ICOB.**

Féadfaidh gnólachtaí sna hearnálacha fáilteachais, miondíola agus áilleachta nach bhfuair an dara híocaíocht faoi ICOB a bheith incháilithe le haghaidh Power Up más rud é go raibh siad i mbun trádála in 2023 ó áitreabh inrátaithe ach nach raibh siad in ann iarratas a dhéanamh ar ICOB toisc nach raibh bille rátaí tráchtála 2023 acu. Beidh gnólachtaí incháilithe sa chatagóir seo in ann clárú ar an tairseach Power Up i mí na Nollag. Ní mór do na gnólachtaí seo a bheith comhlíontach ó thaobh rátaí de agus na critéir incháilitheachta ábhartha a leagtar amach thuas a chomhlíonadh.

## Cad faoi mura bhfuair mé ríomhphost?

Más rud é go bhfuair tú an dara híocaíocht ICOB agus nach bhfuair tú aon ríomhphost i ndáil le clárú do Power Up, déan teagmháil le rannóg na rátaí de d'Údarás Áitiúil.

**Ní cháilím don Deontas Power Up mar gheall ar rangú mó ghnólachta; an féidir liom rangú mo ghnólachta a athrú anois?**

Ní féidir catagóir do ghnólachta a athrú. Tá an incháilitheacht don deontas Power Up nasctha leis an scéim ICOB. Tá gnólachtaí sna hearnálacha miondíola, fáilteachais nó áilleachta a fuair an dara híocaíocht faoin scéim ICOB incháilithe le clárú don deontas Power Up. É sin ráite, mura ndearnadh do ghnólacht a rangú i gceart don ICOB, níl tú incháilithe don deontas Power Up. Ós rud é go bhfuil scéim an ICOB dúnta anois agus nach féidir í a athoscailt, ní féidir do ghnólacht a athrangú agus níl sé incháilithe don deontas Power Up.

**Ní dhearna mé iarratas don deontas ICOB; an féidir liom iarratas a dhéanamh don deontas Power Up?**

Ní féidir. Murar chláraigh tú don deontas ICOB, níl tú incháilithe le clárú don deontas Power Up.

**Thosaigh mé gnólacht nua in 2024. An féidir liom iarratas a dhéanamh don deontas Power Up?**

Níl gnólachtaí a thosaigh ag trádáil in 2024 incháilithe le clárú don deontas Power Up. Le bheith incháilithe don Power Up, ní mór go raibh tú i mbun trádála in 2023.

**Cén tacaíochtaí atá ar fáil do mo Ghnólacht?**

Soláthraíonn tairseach ar líne an Mhoil Náisiúnta Fiontraíochta seirbhís treorach láraithe de bhreis is 180 tacaíocht Rialtais do gach úinéir gnólachta. Is ionann an Mol agus foireann de chomhairleoirí ard-oilte ar féidir leo cabhrú le riachtanais do ghnólachta a aithint agus tú a threorú chuig na tacaíochtaí cuí atá ar fáil nó go deimhin tú a chur i dteagmháil dhíreach leis an ngníomhaireacht ábhartha.

Is féidir teagmháil a dhéanamh le foireann an Mhoil tríd an suíomh gréasáin (www.neh.gov.ie) trí chomhrá beo nó ar an bhfón 01 727 2100.

Féach freisin [Deontas Power Up - DETE](#)